# An Rí le Dhá Chluais Asail

Fadó, fadó bhí rí darbh ainm dó Labhraí Loingseach.

Bhí rún ollmhór aige.

Bhí dhá chluais asail air ar chlúdaigh sé faoina choróin iad.

Chun an rún seo a choinneáil, mharaigh sé aon bhearbóir a ghearr a chuid gruaige.

Theastaigh ó fhear óg darbh ainm Dónall a bheith ina bhearbóir cáiliúil.

Bhí a mháthair buartha go maródh an Rí é.

Lá amháin roghnaíodh é chun gruaig an Rí a ghearradh.

Bhí máthair Dhónall an-chorraithe agus chuaigh sí chun labhairt leis an Rí.

D'fhan sí taobh amuigh den phálás ag caoineadh go dtí gur scaoil an Rí isteach í.

D'impigh sí air gan a mac, an bearbóir,  a mharú.

Gheall an Rí nach maródh sé Dónall.

Ach chuir sé iallach air a rún a choimeád.

D'aontaigh Dónall  leis seo ach go luath ina dhiaidh d'éirigh sé an-tinn.

Níorbh fhéidir leis a insint d'aon duine cad a bhí ag cur as dó.

Chuaigh Dónall agus a mháthair chun labhairt le draoi.

Dúirt sé le Dónall a rún a insint do sheanchrann dara.

Rinne Dónall amhlaidh agus tháinig biseach air díreach ansin.

Theastaigh cláirseach nua ón gceoltóir ab fhearr le Rí Labhraí.

Ghearr sé géag den sheanchrann dara.

Ar an oíche chéanna, iarraidh ar an gceoltóir a chláirseach nua a sheinm.
Go tobann thosaigh sí ag canadh: 'Tá dhá chluais asail ar Labhraí Loingseach'.

Thit coróin Rí Labhraí go talamh agus chonaic gach duine a dhá chluais asail.
Ar dtús, bhí sé ar mire ach tar éis tamaill níor thug daoine aon aird ar a chluasa.
Bhí áthas ar Rí Labhraí toisc go raibh a rún ar eolas ag gach duine.

A bhuíochas sin ar Dhónall, níor maraíodh aon bhearbóir riamh arís sa ríocht.
Bhí sé ina laoch agus ina bhearbóir Ríoga ó shin i leith!